Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9060/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0140 (COD)**

**TRANS 210**
**MAR 66**
**TELECOM 143**
**MI 361**
**COMER 45**
**CYBER 105**
**ENFOCUSTOM 101**
**DATAPROTECT 96**
**IA 138**
**CODEC 797**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 279 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le faisnéis leictreonach ar iompar lastais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 279 final.

---

Faoi iamh: COM(2018) 279 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.5.2018
COM(2018) 279 final

2018/0140 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le faisnéis leictreonach ar iompar lastais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2018) 231 final} - {SWD(2018) 183 final} - {SWD(2018) 184 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Téann athrú teicneolaíoch i gcion ar gach cuid den tsochaí agus den gheilleagar agus déantar bunathrú chun feabhas ar shaoránaigh AE leis. Ní eisceacht ar bith é an t-iompar ar an treocht sin. Tá athrú radacach á dhéanamh leis na teicneolaíochtaí úra ar thírdhreach na soghluaisteachta. I bhfianaise an mhéid sin, ní mór do AE agus a thionscail aghaidh a thabhairt ar an dúshlán bheith ina cheannaire domhanda sa nuálaíocht, digitiú agus dícharbónú. Dá réir sin, ghlac an Coimisiún cur chuige cuimsitheach lena n-áirithiú go dtiocfaidh beartais soghluaisteachta AE leis na tosaíochtaí polaitiúla sin i bhfoirm trí phacáiste soghluaisteachta 'An Eoraip ag Bogadh'.

De thoradh ar an Straitéis um Shoghluaisteacht Ísealcharbóin, ghlac an Coimisiún dhá phacáiste soghluaisteachta i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2017. Leagtar amach clár oibre dearfach sna pacáistí sin lena seachadtar straitéis um shoghluaisteacht ísealcharbóin agus aistriú gan stró i gcomhair soghluaisteacht ghlan, iomaíoch agus nasctha a áirithiú do chách. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle glacadh tapa na dtograí sin a áirithiú.

Tá an tionscnamh seo ina chuid den Tríú Pacáiste "An Eoraip ag Bogadh", lena seachadtar an straitéis úr um beartas tionsclaíoch de Mheán Fómhair 2017, agus tá sé ceaptha chun an próiseas a chur i gcrích maidir lena chur ar chumas na hEorpa leas iomlán a bhaint as nuachóiriú na soghluaisteachta. Tá sé riachtanach go mbeidh córas soghluaisteachta an lae amárach níos sábháilte, níos glaine agus níos éifeachtaí do gach saoránach AE. Is é an aidhm soghluaisteacht na hEorpa a dhéanamh níos sábháilte agus níos inrochtana, tionscal na hEorpa a dhéanamh níos iomaíche, poist na hEorpa a dhéanamh níos sláine, agus a bheith níos glaine agus a bheith níos oiriúnaithe don riachtanas dul i ngleic leis an athrú aeráide. Chun é sin a dhéanamh, teastóidh tiomantas iomlán AE, na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara, go háirithe maidir le hinfheistíochtaí sa bhonneagar iompair a neartú.

Tháinig méadú beagnach 25 % ar iomlán an iompair lastais in AE le 20 bliain anuas[1], agus tá sé tuartha go dtiocfadh méadú 51 % eile air le linn 2015-2050[2]. Mar aon leis an ngluaiseacht earraí sin déantar méid mór faisnéise a mhalartú i measc páirtithe éagsúla, sa réimse príobháideach agus poiblí araon. Inniu, clóscríobhtar an fhaisnéis sin ar pháipéar den chuid is mó, i ndoiciméid éagsúla i bhformáid chaighdeánach.

Tá doiciméid ar pháipéar fós i gceist le thart ar 99 % d'oibríochtaí iompair trasteorann ar chríoch AE ag céim amháin nó céim eile den oibríocht[3]. Ach fós féin, le digitiú an mhalartaithe faisnéise d'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar éifeachtacht an iompair agus dá réir sin cur le feidhmiú réidh an mhargaidh aonair.

---

1 Tomhaiste i mbilliún tona-ciliméadar (tkm). Foinse: Iompar AE i bhfigiúirí 2017.

2 Tá cur síos ar fhorbairtí faoi na treochtaí agus beartais reatha (i.e. bonnlíne) ar fáil in Iarscríbhinn 4 den tuarascáil Measúnaithe Tionchair a ghabhann leis seo.

3 Go sonrach, teastaíonn úsáid as doiciméid pháipéir uathu ag pointe amháin nó pointe eile le linn na hoibríochta iompair. I bhfocail eile, ní ghabhann malartú faisnéise agus doiciméad atá digitithe go hiomlán ach le 1 % de na hoibríochtaí sin. Bíonn a sciar éagsúil, áfach, ag brath ar an modh iompair. Baintear leas sa mheastachán as staidéar tacaíochta an mheasúnaithe tionchair Ecorys et al. (2018).

Rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar na baic atá ar dhigitiú doiciméad um iompar lastais agus ar roghanna chun tacú le húsáid níos leithne as malartú leictreonach doiciméad agus faisnéise. Is í an phríomhfhadhb a shainaithin sé méid íseal agus éagsúil na n-údarás maidir le glacadh le faisnéis nó doiciméid a chuireann gnólachtaí ar fáil ar mhodh leictreonach, i gcás ina n-éilíonn na húdaráis orthu faisnéis a sholáthar maidir le comhlíonadh coinníollacha rialála le haghaidh iompar na n-earraí ar chríoch Bhallstáit éagsúla AE.

Tá dhá phríomhchúis taobh thiar den fhadhb sin:

(a) **creat dlíthiúil ilroinnte** ina leagtar síos **oibleagáidí neamhsheasmhacha** d'údaráis agus faisnéis leictreonach nó doiciméid leictreonacha á nglacadh acu[4], agus ina gceadaítear do chleachtais riaracháin éagsúla iad a chur chun feidhme; agus

(b) **timpeallacht ilroinnte TF** a bhfuil sé mar shaintréithe inti iliomad **córas/réiteach neamh-chomh-inoibritheach** le haghaidh malartú leictreonach faisnéise agus doiciméad iompair, i gcomhair cumarsáid gnólacht le riarachán agus gnólacht le gnólacht.

Tá an dá chúis ina n-atreiseoirí le chéile. Leis an reachtaíocht ilroinnte agus easpa an ghlactha ag údaráis mar thoradh air sin díspreagtar infheistíocht i réitigh dhigiteacha le haghaidh doiciméid leictreonacha. Leis an timpeallacht ilroinnte TF, go háirithe an easpa réiteach dea-bhunaithe nó comh-inoibritheach, díspreagtar údaráis ó mhuinín a bheith acu in úsáid doiciméad leictreonach.

Mar thoradh air sin, leanann formhór na n-oibreoirí iompair lastais agus páirtithe leasmhara gnó iompair eile in AE le húsáid a bhaint as doiciméid pháipéir. Cuireann sé sin cosc le gnóthachain shuntasacha in éifeachtúlacht do rannpháirtithe éagsúla an mhargaidh, go háirithe in iompar ilmhódach agus trasteorann, agus cuireann sé bac ar fheidhm mhargadh aonair AE.

D'admhaigh an Coimisiún an gá atá le glacadh agus úsáid doiciméad leictreonach iompair a chothú i líon tionscnamh beartais: an Páipéar Bán ar Iompar, 2011[5], an Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach, 2015[6], Tosaíochtaí Caighdeánaithe don Mhargadh Aonair Digiteach, 2016[7] agus Plean Gníomhaíochta AE um Ríomhsheirbhísí Rialtais 2016-2020[8]. Tá an cás le haghaidh idirghabhála aitheanta ag réimse leathan páirtithe leasmhara chomh maith.

Ó 2015 i leith, maidir le rannpháirtithe san Fhóram ar Iompar Digiteach agus Lóistíocht Dhigiteach (DTLF) – Sainghrúpa de chuid an Choimisiúin arna bhunú ag os cionn céad páirtí leasmhar príobháideach agus poiblí[9] – tá béim curtha acu arís agus arís eile ar an ngá atá le hidirghabháil ar leibhéal AE chun tacú le glacadh méadaithe doiciméad leictreonach iompair. I nDeireadh Fómhair 2017, i nDearbhú Taillinn ar Ríomhsheirbhísí Rialtais, d'iarr na Ballstáit ar an gCoimisiún borradh a chur faoi iarrachtaí chun nósanna imeachta éifeachtacha, úsáideoir-lárnacha, leictreonacha a bhaint amach in AE, agus léirigh siad suntasacht an Phlean

4 Ní gá go mbeadh cur i láthair leictreonach na faisnéise atá sna doiciméid pháipéir i *bhformáid* doiciméid i gciall chur i láthair caighdeánach na sonraí. Sa chiall sin, d'fhéadfadh an téarma 'doiciméad' bheith míthreorach. Tá míniú curtha ar fáil in Iarscríbhinn 8 den tuarascáil Measúnaithe Tionchair a ghabhann leis seo ar na buntáistí a bhaineann le haistriú ó chur chuige dírithe ar dhoiciméid go cur chuige dírithe ar shonraí.

5 COM/2011/0144, lgh. 13, 19.

6 COM(2015) 192, lgh. 82-84.

7 COM(2016) 176, lgh. 11.

8 COM(2016) 179, Lch. 8.

9 Chuir an Coimisiún an DTLF ar bun in Aibreán 2015 (Cinneadh C(2015)2259), chun ardán a chur ar fáil inar féidir le Ballstáit agus páirtithe leasmhara iompair agus lóistíochta ábhartha a n-eolas teicniúil a mhalartú, comhoibriú agus comhordú a dhéanamh chun tacú le bearta chun malartú éifeachtach leictreonach faisnéise in iompar agus lóistíocht a chur chun cinn.

Gníomhaíochta um Ríomhsheirbhísí Rialtais[10] agus na físe sa Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta[11].

In mí na Samhna 2017, le linn Laethanta Iompair Dhigitigh Taillinn, chinn roinnt páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha ó na hearnálacha iompair ar fad go raibh sé thar am leas a bhaint as digitiú, lena n-áirítear comhroinnt sonraí gan pháipéar[12]. Ag leanúint air sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún ina gConclúidí i mí na Nollag 2017 maidir le digitiú iompair, leanúint ag obair leis an DTLF chun forbairt a dhéanamh ar *'bheartas chun tacú*[13] *le húsáid níos córasaí agus glacadh le malartú leictreonach doiciméad agus malartú comhchuibhithe faisnéise agus sonraí sa slabhra lóistíochta'*[14]. I mí na Bealtaine 2017, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún chomh maith '*comhchuibhiú in iompar paisinéirí agus iompar earraí a mhéadú*' agus '*dlús a chur le húsáid éigeantach ... nótaí leictreonacha coinsíneachta (e-CMR)*' go háirithe[15].

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tagann an togra sin le forálacha reachtacha reatha AE maidir le malartú leictreonach faisnéise is infheidhme san earnáil iompair. Tá éagsúlachtaí móra idir na forálacha reachtacha sin sa mhéid seo a leanas: (i) a raon feidhme – i.e an fhaisnéis agus na doiciméid lena mbaineann; (ii) an cuspóir rialála a dteastaíonn an fhaisnéis nó na doiciméid ina leith; (iii) cibé acu ar dearbhaíodh nó nár dearbhaíodh an fhéidearthacht go gcuirfí an fhaisnéis in iúl ar mhodh leictreonach; agus (iv) cibé acu ar soláthraítear nó nach soláthraítear sonraíochtaí teicniúla níos mionsonraithe maidir le meán na cumarsáide leictreonaí agus foirm na faisnéise leictreonaí nó na ndoiciméad leictreonach nuair a dhearbhófar an fhéidearthacht sin. Comhlánaítear reachtaíocht reatha AE sa réimse seo leis an togra sin agus, i gcás gníomhartha áirithe AE a bhaineann go sonrach leis an earnáil iompair, comhlánaítear na gníomhartha dlíthiúla sin leis trí cheanglais fheidhmiúla agus trí shonraíochtaí teicniúla níos mionsonraithe.

Déantar foráil i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] nach séanfar ar ríomhdhoiciméad éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla ar an aon fhoras amháin go bhfuil sé i bhfoirm leictreonach. Leagtar síos ann chomh maith na coinníollacha le haghaidh aitheantas trasteorann agus glacadh le modhanna ríomh-shainaitheantais agus seirbhísí iontaoibhe sa mhargadh inmheánach. Ní chuirtear dualgas ar Bhallstáit leis, áfach, doiciméid leictreonacha, nó faisnéis leictreonach atá ann, a ghlacadh mar fhianaise i gcásanna eile seachas in imeachtaí dlíthiúla. Trí chreat reachtach aonfhoirmeach an Aontais a bhunú lena dteastaíonn glacadh trasteorann le faisnéis leictreonach ar iompar lastais ag údaráis phoiblí, comhlánaítear forálacha an Rialacháin sin leis an togra seo.

---

10 Síníodh Dearbhú Taillinn ar Ríomhsheirbhísí Rialtais ag an gcruinniú airí le linn Uachtaránacht na hEastóine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 6 Deireadh Fómhair 2017.

11 https://ec.europa.eu/isa2/eif_en.

12 Síníodh an Dearbhú um Laethanta Iompair Dhigitigh i dTaillinn an 10 Samhain 2017 agus tá sé ar fáil ag https://ec.europa.eu/transport/modes/road/news/2017-11-10-digital-transport-days-declaration_en.

13 P8_TA(2017)0228.

14 Conclúidí ón gComhairle maidir le digitiú iompair 15050/17, 5.12.2017.

15 Rún ó Pharlaimint na hEorpa 2017/2545(RSP) an 18 Bealtaine 2017 maidir le hiompar ar bhóithre in AE.

16 Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lgh. 73).

Tá forálacha i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le Cód Custaim an Aontais[17] agus i dTreoir Uimh. 2010/65/AE maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long[18] lenar féidir foirmiúlachtaí a thuairisciú trí bhíthin cumarsáid faisnéise leictreonaí lena n-áirítear i dtaca leis an lasta agus, faoi seach, an oibríocht iompair. Is é is aidhm leis an togra go bhféadfaí cumarsáid leictreonach a dhéanamh chun ceanglais um fhaisnéis rialála a chomhlíonadh thar phointí iontrála, nó roimh phointe imeachta AE chomh maith, ar chríoch iomlán an Aontais. Ón taobh geografach de, dá réir sin, tosaíonn raon feidhme an tionscnaimh seo san áit a gcríochnaíonn raon feidhme an Rialacháin maidir le Cód Custaim an Aontais agus/nó an Treoir maidir le Foirmiúlachtaí Tuairiscithe Muirí, an RFD (nó, os a choinne sin, críochnaíonn sé san áit a thosaíonn an RFD).

I dtéarmaí na n-oibríochtaí iompair a bhaineann leis na ceanglais faisnéise, áfach, forluíonn na raonta feidhme sin ar a chéile: baineann an tionscnamh seo le hiompar idirnáisiúnta laistigh de AE go hiomlán (ní thagann sé faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Cód Custaim an Aontais nó raon feidhme na Treorach um Fhoirmiúlachtaí Tuairiscithe Muirí), agus tá tionscnamh, ceann scríbe nó idirthuras an iompair idirnáisiúnta ar chríoch Bhallstát AE. Mar thoradh air sin, le cur i bhfeidhm an tionscnaimh seo agus cur i bhfeidhm an dá ghníomh AE sin le chéile éascófar tuilleadh an t-iompar lastais idirnáisiúnta lena thionscnamh agus lena cheann scríbe a bheith lasmuigh de AE, chomh maith le trácht muirí laistigh de AE. Cumasófar leis úsáid mhodha leictreonaigh chun faisnéis rialála ar iompar lasta chuig na húdaráis ní hamháin ag pointe iontrála agus imeachta AE, ach ar chríoch iomlán AE chomh maith.

Maidir le reachtaíocht an Aontais lena rialaítear na coinníollacha iompair ar chríoch an Aontais, ní leasaítear leis an togra seo forálacha atá sna gníomhartha dlíthiúla ábhartha reatha, ach seachas sin féachtar leis an méid seo a leanas a áirithiú:

- a) **creat dlíthiúil aonfhoirmeach** a bhunú maidir le glacadh, lena n-áirítear ceanglais shonracha, le faisnéis leictreonach nó doiciméid leictreonacha ina bhfuil an fhaisnéis sin, i gcás gníomhartha dlíthiúla:
- **nach ndéantar soláthar ar bith** ar aon chor iontu le haghaidh na féidearthachta go gcuirfí an fhaisnéis/na doiciméid i láthair ar mhodh leictreonach, is é sin:
- Rialachán Uimh. 11/1960 maidir le deireadh a chur le hidirdhealú i rátaí agus coinníollacha iompair;
- Treoir 92/106/CEE ón gComhairle maidir le comhrialacha a bhunú d'iompar comhcheangailte earraí idir Ballstáit; agus
- Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar; nó
- **ina gcuimsítear féidearthacht dá leithéid, ach nach léirítear, nó nach léirítear ach go fíortheoranta**, an dóigh ar cheart an fhaisnéis sin a chur i láthair ar mhodh leictreonach, is é sin:
- Treoir 2008/68/CE maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealaí intíre;

[17] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (CCA); Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a chur chun feidhme; Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún lena gcomhlánaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe den CCA.

[18] Treoir Uimh. 2010/65/AE maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe do longa ar theacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ar imeacht uathu.

- Rialachán 2015/1998 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh sábháilteacht eitlíochta;
- Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 maidir le loingsiú dramhaíola;
- na tograí, atá á mbreithniú faoi láthair ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, chun leasú a dhéanamh ar Threoir 92/106/CEE (Togra Uimh. 2017/0290 (AE)) agus, faoi seach, Rialachán (COD) Uimh. 1072/2009 (Togra Uimh. 2017/0123 (COD)).
- b) **idir-inoibritheacht na gcóras éagsúil TF** a úsáidtear faoi láthair le haghaidh na ngníomhartha dlíthiúla sin ina:
- soláthraítear **sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe** cheana: ar fhormáid an mhalartaithe leictreonaigh sonraí agus teachtaireachtaí maidir le glacadh ag údaráis le faisnéis áirithe a bhaineann le hearraí agus oibríocht iompair, beag beann ar an modh iompair lena mbaineann, eadhon Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le Cód Custaim an Aontais agus a ghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe, agus Treoir 2010/65/AE maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe muirí;
- ina gcuimsítear **sonraíochtaí mionsonraithe ach sonraíochtaí a bhaineann go sonrach le modh iompair**, eadhon Rialachán Uimh. 164/2010 ón gCoimisiún maidir leis sonraíochtaí teicniúla le haghaidh tuairisciú leictreonach long i loingseoireacht intíre dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí comhchuibhithe um fhaisnéis faoi aibhneacha agus Rialachán AE Uimh. 1305/2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil um idir-inoibritheacht i ndáil le feidhmchláir theileamaitice le haghaidh iarnród lasta (TAF TSI).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is é an cuspóir ginearálta leis an tionscnamh úsáid níos leithne as teicneolaíochtaí digiteacha a éascú lena gcuirtear leis an méid seo a leanas: (i) réidh a fháil le baic ar fheidhmiú réidh an mhargaidh aonair; (ii) nuachóiriú an gheilleagair; agus (iii) éifeachtacht níos fearr na hearnála iompair. Trí choinníollacha aonfhoirmeacha a bhunú le haghaidh tuilleadh forbartha agus úsáide teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh malartú leictreonach na faisnéise ar iompar lastais, cuirfidh sé le forbairt an Mhargaidh Aonair Dhigitigh chomh maith.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Soláthraítear an bunús dlí le hAirteagal 91 agus Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). .

Le hAirteagal 91 agus Airteagal 100(2), nach mór a thuiscint i bhfianaise Airteagal 90 lena gceanglaítear ar na Ballstáit beartas coiteann iompair a shaothrú, leagtar amach an ceanglas go ndéanfaí Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rialacha comhchoiteanna is infheidhme maidir leis an iompar idirnáisiúnta chuig críoch nó ó chríoch Ballstáit nó a théann trí chríoch ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit agus, faoi seach, forálacha iomchuí le haghaidh muiriompair nó aeriompair a leagan síos.

Le hAirteagal 192(1), nach mór a thuiscint i bhfianaise Airteagal 191, bunaítear gurb iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chinnfidh cé na bearta is gá a

dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun an cuspóir, is é sin sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, a ghnóthú.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Bheadh éifeacht teoranta ag tionscnaimh aontaobhacha arna ndéanamh ag Ballstáit chun éascú do ghlacadh malartaigh leictreonaigh doiciméad agus faisnéise dá má rud é nach ndéanfaí beart comhchosúil i mBallstáit eile a mbaineann a gcríoch leis na hoibríochtaí iompair atá i gceist chomh maith.

Ag an am céanna, fiú dá n-achtódh formhór Bhallstáit AE an reachtaíocht lena n-éascófaí úsáid doiciméad leictreonach, tá baol ard ann dá n-achtófaí reachtaíocht go haontaobhach, go nglacfadh gach Ballstát ceanglais dhifriúla maidir le glacadh le doiciméid leictreonacha, agus glacadh le cumarsáid rialála faisnéise ar bhonn níos ginearálta, mar a bheith bailí agus fíor. I ngníomh, maidir le doiciméid leictreonacha agus cumarsáid faisnéise rialála lena gcomhlíonfaí na ceanglais maidir le glacadh i mBallstát amháin, ní ghlacfaí leo i mBallstát (Ballstáit) eile, rud a chruthódh baic dá réir in i margadh aonair AE.

Is ar leibhéal AE an leibhéal is oiriúnaí dá réir sin chun dul i ngleic leis an bhfadhb, i gcás gur féidir cur chuige aonfhoirmeach maidir le glacadh doiciméad leictreonach, agus caighdeán comhchoiteann ina leith sin, a shocrú. Maidir leis sin, déantar bearta breise agus comhlánaítear bearta leis a rinneadh cheana ar leibhéal AE chun coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le glacadh le doiciméid leictreonacha agus faisnéis leictreonach ar iompar lastais a áirithiú, lena n-áirítear a áirithiú go bhfuil muinín sa mhodh leictreonach a úsáidtear lena gcur in iúl[19].

- **Comhréireacht**

Cuimsítear bearta sa togra lena bhfuil sé beartaithe trí chuspóir beartais ar leith a bhaint amach ina dtéitear i ngleic go díreach leis an dá phríomhchúis leis an bhfadhb a sainaithníodh.

Chun dul i ngleic le príomhchúis na faidhbe, is é sin an creat dlíthiúil reatha atá éagsúil agus sainithe go teoranta, cuimsítear bearta sa togra chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) a áirithiú go mbunófar, i ngach Ballstát AE, oibleagáid um ghlacadh le doiciméid leictreonacha/faisnéis leictreonach ar iompar lastais ag na húdaráis phoiblí ábhartha uile;

(2) a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis an oibleagáid um ghlacadh chun feidhme ar mhodh aonfhoirmeach;

Chun dul i ngleic le dara cúis na faidhbe, a thagann as ilchórais agus córais neamh-chomh-inoibritheacha a bheith ann le chéile faoi láthair, tá dhá bheart sa togra chun:

(3) idir-inoibritheacht na gcóras agus na réiteach TF a úsáidtear le haghaidh mhalartú leictreonach na faisnéise ar iompar lastais a áirithiú, agus go háirithe le haghaidh cumarsáid gnó le riaracháin agus cumarsáid faisnéise rialála.

Ní théann ceann ar bith de na bearta sin thar an méid is gá chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin. Leis an gcéad sraith beart bunaítear an oibleagáid d'údaráis maidir le doiciméid

[19] Lena n-áirítear an creat le haghaidh úsáid trasteorann as sainaitheantas leictreonach agus sínithe leictreonacha arna bhunú le Rialachán eIDAS.

leictreonacha/faisnéis leictreonach a ghlacadh, ach ní fhorchuirtear leo oibleagáid ar ghnólachtaí maidir leis an bhfoirm leictreonach a úsáid i gcumarsáid gnólacht le riarachán nó i gcaidreamh gnólacht le gnólacht. Dá bhforchuirfí oibleagáid dá leithéid ar mhalartuithe gnólacht le gnólacht áireofaí digitiú iomlán na malartuithe faisnéise agus doiciméad iompair lastais, ach ní gá é sin chun glacadh ar thaobh na n-údarás de a áirithiú. Lena chois sin, d'áitigh formhór na gcumann tionscail go bhfuil gnólachtaí réidh anois le bogadh ar aghaidh i dtreo digitiú iomlán nuair a cheadóidh na húdaráis é sa deireadh.

Ag an am céanna, ní cheanglaítear ar na húdaráis foinse leictreonach faisnéise ar bith a sholáthraíonn gnólachtaí go díreach a ghlacadh. Seachas sin, cuirtear san áireamh sna bearta riachtanas na n-údarás le go mbeidh an fhaisnéis/na doiciméid i láthair fíor agus le dearbhuithe faoina sláine. Ceanglaítear leis na bearta chomh maith go nglacfaí na húdaráis an fhaisnéis/na doiciméid má chloíonn an modh leictreonach a úsáidfear lena gcur i láthair le sraith shocraithe ceanglas.

Ceanglaítear leis an dara sraith beart ar Bhallstáit comhoibriú chun a bpróisis digitithe (amach anseo) maidir le seiceáil a dhéanamh ar fhaisnéis/doiciméid a chuirfear in iúl go leictreonach a ailíniú. Áirítear air sin comhoibriú thar an tacar gnéithe sonraí a theastaíonn ó údaráis na mBallstát de réir mar is gá chun na ceanglais faisnéise arna mbunú sna gníomhartha dlíthiúla AE agus náisiúnta ábhartha a chomhlíonadh. Leis na bearta sin áireofar rialacha aonfhoirmeacha le haghaidh fíorú faisnéise leictreonaí/doiciméad leictreonach, agus beidh siad ina chuidiú maidir leis na costais um chomhlíonadh riaracháin (agus ualach dá réir sin) do ghnólachtaí a laghdú. Mar sin féin, ní cheanglaítear leis na bearta aonfhoirmeacht na gceanglas faisnéise astu féin faoi mar a bunaíodh i reachtaíocht faoi seach AE agus na mBallstát.

Sa tríú sraith beart bunaítear na ceanglais fheidhmiúla maidir leis an modh leictreonach a bhféadfadh gnólachtaí úsáid a bhaint astu chun an fhaisnéis rialála a iarrtar a sholáthar do na húdaráis. Soláthraítear leis na bearta sin chomh maith forbairt sonraíochtaí teicniúla chun na ceanglais a chur chun feidhme. Leis na ceanglais sin agus na sonraíochtaí teicniúla gaolmhara áireofar go mbeidh na córais TF a úsáideann údaráis na mBallstát éagsúil comh-inoibritheach lena chéile agus leis na réitigh a úsáideann gnólachtaí. Éascófar leis na ceanglais agus leis na sonraíochtaí chomh maith idir-inoibritheacht sna réitigh gnólacht le riarachán agus gnólacht le gnólacht (an-sainiúil don mhodh iompair faoi láthair).

- **An rogha ionstraime**

Dearbhaíodh sa measúnú tionchair go bhfuil gá le bearta ceangailteacha rialála chun na cuspóirí a bhaint amach. Is é rialachán an ionstraim is oiriúnaí chun cur chun feidhme aonfhoirmeach na mbeart atá beartaithe a áirithiú. Le treoir bhunófaí an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis a chuirtear i láthair ar mhodh leictreonach a ghlacadh, agus bheadh gá go gcloífeadh an modh leictreonach trína gcuirfí an fhaisnéis ar fáil le ceanglais fheidhmiúla chomhchoiteanna, ach ní fhorchuirfí ceanglais theicniúla cheangailteacha chomhchoiteanna leis.

Léirítear le forbairtí reatha, lena n-áirítear i gcomhthéacs chur chun feidhme na Treorach um Fhoirmiúlachtaí Tuairiscithe, go dtabharfadh na Ballstáit éagsúla ilchórais agus córais neamh-chomh-inoibritheacha isteach mar thoradh ar easpa treoirlínte nó treoirlínte deonacha le haghaidh sonraíochtaí teicniúla[20]. Leis sin méadófaí na costais um chomhlíonadh do

[20] Bheifí ag súil le difríochtaí sna riachtanais idir na húdaráis éagsúla, laistigh de na Ballstáit agus idir na Ballstáit. Tá samplaí a bailíodh le linn phróiseas an mheasúnaithe tionchair ina bhfianaise air sin.

ghnólachtaí, toisc go mbeadh orthu infheistiú i gcórais éagsúla a thagann le riachtanais na mBallstát éagsúil. Mar thoradh air sin, b'fhéidir gurbh fhearr le gnólachtaí leanúint le páipéar a iompar, rud a chuirfeadh bac dian ar an gcuspóir a bhaint amach.

Tá an tionscnamh thar a bheith teicniúil, agus tá seans mór ann go gcaithfear é a oiriúnú go rialta d'fhorbairtí teicniúla agus dlíthiúla. Chun freagairt air sin, tá roinnt beart cur chun feidhme beartaithe chomh maith. Díreofar iontu sin den chuid is mó ar na sonraíochtaí teicniúla chun na ceanglais fheidhmiúla a chur chun feidhme.

## 3. TORTHAÍ Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARASA AGUS ÓN MEASÚNÚ TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go gníomhach le páirtithe leasmhara agus rinne sé comhairliúcháin chuimsitheacha le linn phróiseas an mheasúnaithe tionchair. Áiríodh iad seo a leanas ar na gníomhaíochtaí comhairliúcháin:

- comhairliúchán poiblí oscailte (CPO) arna eagrú ag an gCoimisiún, a bhí ar siúl ón 25 Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 18 Eanáir 2018;
- suirbhé painéil FBM arna eagrú ag an gCoimisiún, a bhí ar siúl ón 24 Samhain go dtí an 22 Eanáir 2018;
- suirbhé dlíthiúil de pháirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí arna eagrú ag an sainchomhairleoir a bhí freagrach as an staidéar tacaíochta um mheasúnú tionchair, a bhí ar siúl ón 23 Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 1 Eanáir 2018;
- suirbhé spriocdhírithe de pháirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí arna eagrú ag an sainchomhairleoir a bhí freagrach as an staidéar tacaíochta um mheasúnú tionchair, a bhí ar siúl ón 27 Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 7 Eanáir 2018;
- 50 agallamh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe tionscail agus údaráis náisiúnta, arna stiúradh ag an sainchomhairleoir a bhí freagrach as an staidéar tacaíochta um mheasúnú tionchair, a bhí ar siúl idir an 20 Deireadh Fómhair 2017 agus 15 Eanáir 2018;
- cruinnithe agus ceardlanna geallsealbhóirí ag roinnt imeachtaí éagsúla;
- cúig cás-staidéar arna scrúdú ag an sainchomhairleoir a bhí freagrach as an staidéar tacaíochta um mheasúnú tionchair idir an 6 Deireadh Fómhair 2017 agus 15 Eanáir 2018.

Soláthraíodh ionchur suntasach leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin sin agus chuidigh siad le sainiú na faidhbe a bhailíochtú agus breis eolais a thabhairt faoi agus méid na faidhbe a mheas, agus roghanna na bpáirtithe leasmhara maidir le roghanna féideartha beartais a mhapáil. Tháinig ionchur sa réimse go príomha ón CPO, ón suirbhé painéil FBM agus ó na huirlisí rannpháirtíochta eile geallsealbhóirí a úsáideadh[21].

Léirigh formhór na ngeallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairle leo — i.e. níos mó ná 90 % den 265 freagróirí ar shuirbhé painéil FBM[22], agus 88 as an 100 freagróir ar shuirbhé an CPO,

[21] Tá an achoimre thíos bunaithe ar na freagairtí a fuarthas maidir leis na CPO agus suirbhéanna painéil FBM. Chun cur síos níos mionsonraithe a fháil ar thorthaí an chomhairliúcháin, lena n-áirítear ionchur a fuarthas sna hagallaimh agus sna cás-staidéir a rinne an sainchomhairleoir seachtrach, féach Ecorys et al. (2018) 'Impact Assessment support study', Iarscríbhinní VIII-XI.

gur bhain tairbhí suntasacha nó roinnt tairbhí suntasacha ar a laghad le malartú leictreonach faisnéise a ghlacadh.

Léirigh 90 % de na cuideachtaí príobháideacha agus na cumainn a thug freagra ar an CPO an neamhghlacadh le doiciméid leictreonacha/faisnéis leictreonach iompair ag údaráis Ballstát mar chúis shuntasach leis an bhfadhb. Le haghaidh na gcuideachtaí níos lú, fuarthas sa suirbhé painéil FBM gurbh í an phríomhchúis nach raibh doiciméid leictreonacha iompair á n-úsáid acu nach n-úsáideann a gcliaint nó a bpáirtithe gnó doiciméid iompair i bhformáid leictreonach. Ba í an chéad chúis is forleithne don ghrúpa sin (díreach i ndiaidh sin) neamhghlacadh ag an húdaráis. Ag an am céanna, thug na freagróirí ar na suirbhéanna agus na hagallaimh spriocdhírithe gurb í an phríomhchúis nach nglacann gnólachtaí doiciméid leictreonacha neamhchinnteacht maidir le cibé an nglacadh na húdaráis leo nó nach nglacfadh. Luaigh níos mó ná 70 % de na freagróirí ar phainéal CPO agus FBM araon easpa idir-inoibritheachta na gcóras agus réiteach reatha TF gnólacht le riarachán agus gnólacht le gnólacht chomh maith.

Ag teacht leis an measúnú sin, bhreathnaigh thart ar 90 % de na freagróirí an CPO ar ghlacadh ag údaráis na mBallstát a áirithiú, agus chinn 88 % díobh go mbeadh cur chuige atá ceangailteach ó thaobh dlí níos éifeachtaí ná mar a bheadh cur chuige nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí maidir le glacadh dá leithéid a áirithiú. Léirigh 90 % de fhreagróirí an CPO go raibh tábhacht le hidir-inoibritheacht cumarsáide gnólacht le riarachán agus gnólacht le gnólacht. Mar an gcéanna, léirigh 75 % de fhreagróirí phainéal FBM go raibh glacadh ag údaráis a áirithiú mar chuspóirí beartais an-tábhachtach, agus léirigh 13 % eile go raibh siad measartha tábhachtach.

Chuirfeadh níos mó ná 70 % de fhreagróirí an CPO agus phainéal FBM fáilte roimh sonraíochtaí teicniúla caighdeánacha maidir le sonraí a chomhroinnt idir oibreoirí lóistíochta agus an riarachán poiblí, agus mheas 88 % de fhreagróirí an CPO go mbeadh bearta atá ceangailteach ó thaobh dlí níos éifeachtaí nach mar a bheadh bearta nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí. Maidir le cumarsáid gnólacht le gnólacht, mheas 67 % de 100 freagróir an CPO go mbeadh an cur chuige atá ceangailteach ó thaobh dlí níos éifeachtaí, agus b'fhearr le 84 % dóibh bearta deonacha. Maidir leis an gcumas feidhmchlár/córas TF a úsáid chun doiciméid leictreonacha iompair a mhalartú leis na húdaráis, mar aon leis an gcumas feidhmchlár/córas aonair dá leithéid a úsáid le haghaidh malartú leictreonach le gach cuideachta eile, léirigh 77 % de fhreagróirí shuirbhé painéil FBM go raibh sé an-tábhachtach (65 %) nó go raibh sé measartha tábhachtach (22 %), (léirigh 68 % go raibh sé an-tábhachtach agus léirigh an 19 % eile go raibh sé measartha tábhachtach).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra bunaithe ar bhailiú eolais agus ar chomhairliúchán le saineolaithe, go háirithe le haghaidh mheastacháin na gcostas agus na dtairbhí, lena n-áirítear samhaltú na n-éifeachtaí indíreacha agus tionchar an aistrithe córa iompair. D'ullmhaigh sainchomhairleoirí seachtracha staidéar tacaíochta maidir le costais agus tionchair. Baineann leas as sainchomhairleoirí seachtracha chomh maith chun na héifeachtaí indíreacha a shamhaltú agus chun measúnú a dhéanamh ar an aistriú córas iompair.

Bhí dlúthbhaint ag saineolaithe ó na príomhchatagóirí geallsealbhóirí ar fad leis, ón tionscal agus ó údaráis na mBallstát, go háirithe san Fhóram ar Iompar Digiteach agus Lóistíocht

[22] Bhí líon na bhfreagróirí a thug freagra ar cheisteanna a bhain le tairbhí i suirbhé painéil FBM idir 230 agus 250, ag brath ar na tairbhí sonracha a sainaithníodh sna ceisteanna éagsúla.

Dhigiteach. Cuidigh sé sin le dearcadh cuimsitheach agus ilmhódach ar na ceisteanna i gceist a áirithiú.

- **Measúnú tionchair**

Cuirtear bonn eolais faoi na bearta beartais atá cuimsithe sa togra seo le torthaí measúnaithe tionchair. Maidir leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair [SWD(2018) 184] fuarthas tuairim dhearfach ó Bhord um Ghrinnscrúdú Rialála an Choimisiúin [SEC(2018) 231]. Ina thuairim, sholáthair an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála líon moltaí faoi chur i láthair na n-argóintí sa tuarascáil ar an measúnú tionchair. Pléadh na moltaí sin; In Iarscríbhinn 1 leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair soláthraítear breac-chuntas achomair ar an dóigh a ndearnadh é sin.

Breithníodh liosta fada bearta beartais inar tugadh aghaidh ar an dá phríomhchúis faidhbe i ndiaidh comhairliúcháin fhairsinge le páirtithe leasmhara, cruinnithe saineolaithe, taighde neamhspleách agus anailís an Choimisiúin féin. Rinneadh an liosta a scagadh ina dhiaidh sin ar bonn na gcritéar seo a leanas: (i) féidearthacht dhlíthiúil, pholaitiúil agus theicniúil; (ii) éifeachtúlacht; (iii) éifeachtacht; agus (iv) comhréireacht. Bunaithe ar an scagadh tosaigh sin, fuarthas réidh le líon de na bearta beartais.

Cuireadh na bearta beartais a roghnaíodh isteach ina gceithre ghrúpa de roghanna beartais ar leith:

- Rogha 1: Oibleagáid iomlán ar Bhallstáit cloí leis na gcreat dlíthiúil reatha maidir le glacadh le conarthaí leictreonacha iompair, agus comhchuibhiú deonach cur chun feidhme
- Rogha 2: Oibleagáid iomlán ar údaráis na mBallstát maidir le glacadh le conarthaí leictreonacha iompair, agus comhchuibhiú deonach íosta cur chun feidhme
- Rogha 3: Oibleagáid iomlán ar údaráis na mBallstát maidir le glacadh le faisnéis nó doiciméadúchán rialála iompair, agus comhchuibhiú deonach páirteach cur chun feidhme
- Rogha 4: Oibleagáid iomlán ar údaráis na mBallstát maidir le glacadh le faisnéis nó doiciméadúchán rialála iompair, agus comhchuibhiú deonach iomlán cur chun feidhme

Bhí an tsraith chéanna bearta beartais, den chuid ba mhó, sna roghanna ar fad. D’fhéadfaí na bearta sin a chur chun feidhme i bhfoirm neamhcheangailteach, mar bhearta tacaíochta lena gcuirtear chun cinn gníomh deonach ag na Ballstáit, nó i bhfoirm rialála, amhail glacadh ghníomh dlíthiúil tiomanta úr AE agus síniú comhaontuithe déthaobhacha le tríú tíortha. Lean loighic na roghanna beartais comhcheangal de na bearta sin, le difríocht feadh dhá ais: raon feidhme ábhartha an tionscnaimh bheartais, ar an taobh amháin, agus leibhéil neart rialála na hidirghabhála, ar an taobh eile.

Rinneadh anailís chomparáideach ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, costais agus tairbhí na gceithre rogha ansin. Léiríodh an méid seo a leanas san anailís: (i) go soláthrófaí cóimheasa costais agus tairbhe an-chomhchosúil le cur chun feidhme roghanna beartais 3 nó 4; agus (ii) go gcuirfeadh an dá rogha cion suntasach leis na fadhbanna a sainaithníodh a réiteach, agus bheadh éifeachtúlacht i bhfad níos airde ag baint leo maidir leis na spriocanna sonracha agus foriomlána beartais a bhaint amach ná mar a bheadh le roghanna 1 nó 2.

Ard-éifeachtúlacht thorthaí roghanna 3 agus 4, ar an taobh amháin, ó raon feidhme níos leithne an chlúdaigh faisnéise san oibleagáid um ghlacadh agus, ar an taobh eile, an méid níos airde sonraíochta maidir leis na ceanglais cheangailteacha um ghlacadh le modh leictreonach. Níl an oibleagáid um ghlacadh sainithe i gcomhthéacs na ndoiciméad sonrach, faoi mar atá i gcás roghanna 1 agus 2, ach i gcomhthéacs na 'faisnéise' a theastaíonn ó AE agus ón reachtaíocht náisiúnta lena rialaítear coinníollacha an iompair lastais idirnáisiúnta ar chríoch Bhallstáit AE. Dá réir sin, ní hamháin go gcumhdaítear conarthaí leictreonacha iompair, ach cumhdaítear formáidí leagain faisnéise leictreonaí chomh maith, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar iad seo a leanas: (i) ceanglais ábhair faisnéise na reachtaíochta is infheidhme; agus (ii) na ceanglais maidir leis an modh leictreonach lenar féidir an fhaisnéis sin a chur ar fáil, bunaithe i gcreat an ghnímh dhlíthiúil úir atá beartaithe.

**Ba í rogha 3 an rogha bheartais thosaíochta** ar an mbonn ar ar forbraíodh an togra seo. Sa rogha idir roghanna 3 agus 4 cuireadh tuairimí na bpáirtithe leasmhara san áireamh, chomh maith le breithnithe faoi chomhréireacht. Léirigh na páirtithe leasmhara tionscail sna hearnálacha muirí, eitlíochta agus iarnróid go háirithe an pointe go soiléir cé go bhfuil cur chuige ilmhódach riachtanach, níor chóir don Choimisiún réiteach 'a oireann do chách' a mholadh[23]. Baineann na príomhbhreithnithe leis na hinfheistíochtaí i réitigh ghaolmhara a rinneadh sna hearnálacha sin cheana. Forbraíodh na réitigh sin ar bhonn na bhforálacha reatha sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus i ndlí AE atá, mar atá tugtha chun suntais san anailís dhlíthiúil sa tuarascáil seo chomh maith, sainiúil don mhodh agus a bhfuil an-difríocht eatarthu.

Le forchur sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna iomlána le haghaidh idir-inoibritheachta, maidir le gach réiteach a úsáidtear le haghaidh cumarsáid faisnéise rialála i ngach modh iompair, faoi mar mholtar i rogha 4, bheadh gá le hinfheistíochtaí níos airde roimh ré ag gnólachtaí sna hearnálacha sin chun oiriúnú do na ceanglais úra.

Faoi rogha 3, chinnfí a mhéid a bhunófar sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna trasmhódacha dá leithéid ar bhonn measúnú tionchair faoi leith. Is é an cuspóir a bheadh leis na measúnú tionchair sin bunú níos beaichte na n-íos-sonraíochtaí teicniúla trasmhódacha comhchoiteanna riachtanacha lena n-áiritheofaí idir-inoibritheacht idir na córais ghaolmhara a úsáideann na húdaráis agus leis na réitigh a úsáideann gnólachtaí, agus an cóimheas costais is tairbhe is fearr á bhaint amach maidir le costais um chomhlíonadh ag gnólachtaí agus tairbhí amach anseo.

Is é an bonn tuisceana, bunaithe ar argóintí na bpáirtithe leasmhara tionscail, gur féidir leibhéal dóthanach idir-inoibritheachta a chinntiú gan gá a bheith le comhchuibhiú iomlán na gceanglas ar fud na modhanna iompair ar fad. Go sonrach, de réir fhormhór na bpáirtithe leasmhara tionscail, le haghaidh idir-inoibritheachta bheadh gá, ar laghad, le comhfhoclóir sonraí ilmhódacha[24] D'fhéadfadh sonraíochtaí teicniúla lena gcuirtear ceanglais eile chun feidhme, amhail na cinn a bhaineann le fíordheimhneacht nó sláine, a fhorbairt go sonrach do na modhanna éagsúla iompair, dá gcinnfí in anailís tiomanta ar an measúnú tionchair ar leith,

[23] Féach mar shampla, páipéir sheasaimh ECSA agus WSC (muirí), chomh maith le páipéir sheasaimh CER (iarnród) a cuireadh mar fhreagairt ar an measúnú ar thionchar tionscanta (MTT). Bhí IATA rannpháirteach go gníomhach i mbeagnach gach seimineár comhairliúcháin geallsealbhóirí a eagraíodh, i gcás inar shonraigh siad an staid sin go soiléir chomh maith.

[24] Bhí 73 % de na freagróirí i seisiúin idirghníomhach aiseolais le linn na ceardlainne ar ríomhdhoiciméid i dTaillinn i bhfabhar sonraíochtaí teicniúla caighdeánaithe a bhunú chun sonraí a chomhroinnt idir oibreoirí lóistíochta agus riaracháin phoiblí. Mar an gcéanna, mhol Aontas TLF go mbunófaí tacar aonair sonraí socraithe ar leibhéal AE. De réir na n-agallamh spriocdhírithe (foinse Ecorys et al.) leag grúpa na seoltóirí lastais béim an an tábhacht atá le tacar comhchoiteann sonraí arna forfheidhmiú le reachtaíocht AE. Léiríodh an gá atá le tacar comhchoiteann sonraí go sonrach i bpáipéar seasaimh rialtas na Fionlainne maidir leis an tionscnamh seo chomh maith.

gurb é sin an cur chuige is cost-éifeachtúla le haghaidh cuid de na riachtanais (chomhchoiteanna).

Is tairbhí de chineál eacnamaíoch agus comhshaoil iad **na príomhthairbhí a bhfuiltear ag súil** leo ón rogha beartais thosaíochta. Táthar ag súil go ndéanfar coigiltis dar luach EUR 20-27 billiún sa tionscal thar 2018-2040, i gcomparáid le cás nach ndéantar idirghabháil bheartais ar leibhéal AE (an bhonnlíne), mar gheall ar laghdú ar chostais riaracháin (i.e. costais a bhaineann le bainistíocht agus malartú faisnéise agus doiciméad iompair). Is ionann é sin agus 75-102 milliún uair a shábháil gach bliain (nó coibhéis 36-49 míle fostaí lánaimseartha). Táthar ag súil go mbainfidh oibreoirí iompair ar bhóithre, arb ionann 99 % díobh agus FBManna, leas as thart ar 60 % d'iomlán na gcoigilteas i gcostais riaracháin an tionscail ar fad.

Táthar ag súil le tionchair dhearfacha comhshaoil chomh maith, i ngeall ar laghdú ar chion módach an iompair ar bhóithre in 2030 i gcoibhneas leis an mbonnlíne. I dtéarmaí carnacha, meastar go dtiocfaidh laghdú os cionn 1,300 míle tona ar choigiltis astaíochtaí CO2 thar 2018-2040, i gcoibhneas leis an mbonnlíne, arb ionann é sin agus coigiltis EUR 74 milliún ar chostais sheachtracha. Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú beagnach EUR 300 milliún ar chostais bhrú tráchta i gcoibhneas leis an mbonnlíne thar an tréimhse chéanna. Chomh maith leis sin, mura ndéanfaí 1-5 cóip ar an meán de gach doiciméad in aghaidh an loingsithe a phriontáil níos mó shábhálfaí thart ar 2-8 billiún bileog pháipéir, nó coibhéis thart ar 180-900 míle crann gach bliain.

Baineann na **príomhchostais a bhfuiltear ag súil leo** leis na hinfheistíochtaí is gá chun cloí leis na ceanglais úra beartais. Meastar na costais d'údaráis phoiblí ag thart ar EUR 268 milliún thar scóip úsáid iomlán na ndoiciméad leictreonach iompair, i gcoibhneas leis an mbonnlíne, ar bhain EUR 17 milliún de le deimhniú soláthraithe réiteach agus ar bhain EUR 251 milliún de le forfheidhmiú. Ina theannta sin, beifear ag súil le lucht riaracháin náisiúnta infheistíocht a dhéanamh i gcórais úra TF, nó na córais atá ann a choigeartú; ní dóigh go mbeidh na costais sin suntasach. Le haghaidh gnólachtaí, táthar ag súil go mbeidh na costais um chomhlíonadh thart ar EUR 4.4 billiún.

D'fhéadfadh na tionchair fostaíochta bheith beagáinín diúltach i gcás nach gcuirtear pearsanra a cuireadh ar iomarcaíocht mar gheall ar laghdú ar ghníomhaíochtaí bainistíochta doiciméad chuig tascanna eile. Táthar ag súil go ndéanfar an tionchar diúltach a fhritháireamh den chuid is mó leis an bhfás foriomlán san earnáil. Is dóigh go dtiocfaidh níos mó deiseanna as an éileamh níos mó ar réitigh agus ar chórais TF do na soláthraithe TF, rud a mbeidh méadú ar fhostaíocht ardoilte mar thoradh air.

D'fhéadfadh mionseachtrachtaí diúltacha tarlú ón méadú ar thruailliú aeir ó iompar d'uisce, rud atá measta ag thart ar EUR 41 milliún thar scóip úsáid iomlán na ndoiciméad leictreonach iompair, i gcoibhneas leis an mbonnlíne.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tairgfear simpliú suntasach agus éifeachtacht fheabhsaithe leis an togra trí laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin d'oibreoirí eacnamaíocha agus ceanglais um fhaisnéis rialála á gcomhlíonadh acu i ndáil le hiompar earraí ar chríoch an Aontais.

Táthar ag súil le **laghdú ar an ualach riaracháin** a bhaint amach trí: a áirithiú gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha faisnéis rialála a chur ar fáil do na hoibreoirí ar mhodh leictreonach; agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis na mBallstát chun seiceáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis rialála a sholáthraítear ar mhodh leictreonach a ailíniú. Faoi mar a tugadh chun

suntais níos luaithe, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na costais riaracháin don tionscal.

Bainfidh FBManna agus micreaghnóthais tairbhe go háirithe as a bheith ábalta an fhaisnéis rialála a theastaíonn a chur ar fáil do na húdaráis ar bhealach simplithe agus ailínithe, beag beann ar an mBallstát nó ar na húdaráis inniúla. Tá sé sin mar gheall go bhfuil FBManna agus micreaghnóthais níos leochailí go comhréireach i leith riarachán neamhéifeachtúil agus uaireanta caillte foirne.

- **Cearta bunúsacha**

Tá tionchar ag an togra ar chosaint na sonraí pearsanta arna ráthú in Airteagal 8 den Chairt. Déanfar próiseáil ar bith ar shonraí pearsanta faoin togra de réir reachtaíocht AE maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí buiséadacha ar bith ag baint leis an rogha thosaíochta.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leanfaidh an Coimisiún dul chun cinn, tionchair agus torthaí an tionscnaimh seo trí shraith sásraí monatóireachta/meastóireachta. Tomhaisfidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo chuspóirí sonracha an togra úir a bhaint amach.

Déanfar iarratais ar fhaisnéis (tuarascálacha, freagraí ar shuirbhéanna) a chothromú go cúramach ionas nach gcuirfear ualach breise ar pháirtithe leasmhara trí iarratais tuairiscithe úra dhíréireacha a chruthú.

Cúig bliana i ndiaidh dheireadh dháta chur chun feidhme an togra dhlíthiúil, tionscnóidh an Coimisiún meastóireacht chun a fhíorú ar baineadh cuspóirí an tionscnaimh amach nó nár baineadh. Beidh an mheastóireacht bunaithe ar thuarascálacha na mBallstáit, suirbhé geallsealbhóirí agus ionchuir eile (amhail gearáin) ó oibreoirí loingseoireachta. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an mheastóireacht bonn eolais faoi phróisis chinnteoireachta amach anseo chun na coigeartuithe riachtanacha a áirithiú maidir leis na cuspóirí atá leagtha síos a bhaint amach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá an togra roinnte ina chúig chaibidil. Sa chéad chaibidil agus sa chaibidil dheireanach tugtar réamheolais ar an raon feidhme ginearálta agus roinnt forálacha cothrománacha, agus i gCaibidlí II-IV soláthraítear na hionstraimí níos mionsonraithe.

In Airteagal 1 leagtar síos raon feidhme an Rialacháin seo.

In Airteagal 2 cuimsítear forálacha maidir le cumhachtaí a tarmligeadh chuig an gCoimisiún chun gnéithe neamhriachtanacha in Iarscríbhinn 1 leis an Rialachán seo a leasú, i gcás ina bhfuil na ceanglais um fhaisnéis rialála a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo liostaithe.

Cuimsítear na sainmhínithe in Airteagal 3.

In Airteagal 4 leagtar síos na ceanglais i gcoibhneas leis an bhformáid lena mbaineann inar cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann an fhaisnéis rialála iompair (eFTI) a chur ar fáil.

In Airteagal 5 bunaítear oibleagáid údaráis inniúla na mBallstát maidir le faisnéis rialála a chur ar fáil ar mhodh leictreonach ag na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 4.

Ceanglaítear in Airteagal 6 ar na húdaráis inniúla, soláthraithe seirbhísí eFTI agus na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann bearta a dhéanamh chun rúndacht na faisnéise a phróiseáiltear agus a mhalartaítear a áirithiú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

In Airteagal 7 bunaítear oibleagáid an Choimisiúin maidir le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear tacar comhchoiteann sonraí agus fothacair shonraí i ndáil leis na ceanglais rialála faoi raon feidhme an Rialacháin seo, agus lena leagtar síos nósanna imeachta agus rialacha comhchoiteanna maidir le rochtain ag na húdaráis inniúla ar fhaisnéis rialála a chuirtear ar fáil ar mhodh leictreonach agus a bpróiseáil den fhaisnéis sin. Ba chóir go n-áiritheofaí leis sin cur chun feidhme aonfhoirmeach na mbeart lena gcuirtear chun feidhme an oibleagáid maidir le faisnéis rialála a chuirtear ar fáil ar mhodh leictreonach a ghlacadh ag údaráis na mBallstát.

In Airteagal 8 leagtar amach na ceanglais fheidhmiúla maidir le hardáin eFTI trína bhféadfadh na hoibreoirí eacnamaíoch lena mbaineann an fhaisnéis rialála a chur ar fáil, agus tugtar cumhacht don Choimisiún leis gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir lena gcur chun feidhme. Tá sé mar aidhm leis na ceanglais sin a áirithiú gur féidir sonraí a bhainistiú trí na hardáin sin ar mhodh lena n-áirithítear gnéithe riachtanacha amhail infhaighteacht, fíordheimhneacht, sláinte, rúndacht agus slándáil sonraí. Is ceanglais ghinearálta iad na ceanglais sin, agus beartaítear chomh maith go ndréachtófar na rialacha mionsonraithe dá gcur chun feidhme ar bhealach ina mbeidh siad fós oscailte do theicneolaíocht ar bith atá ann anois nó a bheidh ann amach anseo lena mbeifí ábalta na feidhmiúlachtaí sin a áirithiú.

In Airteagal 9 leagtar amach na ceanglais maidir le soláthraithe seirbhíse eFTI lena soláthrófaí seirbhísí faisnéise rialála do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar bhonn na n-ardán eFTI.

In Airteagal 10, Airteagal 11 agus Airteagal 12 bunaítear na rialacha maidir le córas deimhniúcháin na n-ardán eFTI agus soláthraithe seirbhíse eFTI.

In Airteagal 13 bunaítear na coinníollacha maidir le cumhachtaí tarmligthe a thabhairt don Choimisiún faoin Rialachán seo.

In Airteagal 14 bunaítear an nós imeachta coiste chun go bhfeidhmeoidh an Coimisiún an chumhacht a tugadh dó chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh faoin Rialachán seo.

Ceanglaítear in Airteagal 15 ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, chun feidhmíocht an Rialacháin seo a mheasúnú i gcoinne an chuspóra atá le baint amach leis. Ceanglaítear ar na Ballstáit leis chomh maith cuidiú leis an gCoimisiún an fhaisnéis riachtanach a bhailiú chun an tuarascáil um meastóireacht a ullmhú.

In Airteagal 16 bunaítear oibleagáid na mBallstát maidir le faisnéis shonrach ina ndírítear ar mhonatóireacht a dhéanamh ar thionchair chur chun feidhme an Rialacháin seo a chur ar fáil gach dhá bhliain, ar bhonn bliantúil.

Cuimsítear in Airteagal 17 forálacha a bhaineann le dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin, agus faoi seach, cur i bhfeidhm an Rialacháin.

2018/0140 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le faisnéis leictreonach ar iompar lastais**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, Airteagal 100(2) agus Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do thuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[25],

Ag féachaint do thuairim Choiste na Réigiún[26],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá éifeachtacht an iompair agus na lóistíochta lastais ríthábhachtach d’iomaíochas gheilleagar an Aontais, d’fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus do chomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch gach réigiúin de chuid an Aontais.

(2) Le gluaiseacht earraí déantar méid mór faisnéise a mhalartú agus déantar é a mhalartú fós i bhformáid pháipéir, i measc gnólachtaí agus idir gnólachtaí agus na húdaráis phoiblí. Tá an úsáid a bhaintear as doiciméid pháipéir ina hualach suntasach riaracháin d’oibreoirí lóistíochta.

(3) Meastar gurb é an easpa creat dlíthiúil aonfhoirmeach ar leibhéal an Aontais lena gceanglófaí ar na húdaráis phoiblí glacadh le faisnéis ábhartha iompair lastais, arna cheangal leis an reachtaíocht, i bhfoirm leictreonach, an phríomhchúis leis an easpa dul chun cinn i dtreo an tsimplithe agus na héifeachtachta níos mó a bheadh ann dá mbeadh modh leictreonach ar fáil. Téann easpa an ghlactha ag na húdaráis phoiblí le faisnéis i bhfoirm leictreonach i gcion ní hamháin ar an éascú cumarsáide idir iad féin agus oibreoirí ach, go hindíreach, cuireann sé bac ar fhorbairt na cumarsáide leictreonaí simplithe gnólacht le gnólacht ar fud an Aontais.

(4) I roinnt réimsí dlí iompair an Aontais ceanglaítear ar na húdaráis inniúla glacadh le faisnéis dhigitithe, ach ní bhaineann sé sin le reachtaíocht ábhartha uile an Aontais ná baol air. Ba cheart go mbeifí ábalta úsáid a bhaint as modh leictreonach chun faisnéis rialála ar iompar lastais a chur ar fáil do na húdaráis ar fud chríoch an Aontais agus maidir le gach céim ábhartha de na hoibríochtaí iompair a dhéantar laistigh den

[25] IO C , , Lch. .
[26] IO C , , Lch. .

Aontas. Lena chois sin, ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis rialála ar fad, i ngach modh iompair.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart a chur de cheangal ar údaráis na mBallstát glacadh le faisnéis a chuirtear ar fáil go leictreonach i gcás ina bhfuil oibleagáid ar oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a chur ar fáil mar fhianaise go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha de chuid an Aontais arna nglacadh i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh á gcomhlíonadh acu, nó, i bhfianaise a chosúla atá an dá chás, go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir le loingsiú dramhaíola á comhlíonadh acu. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin i gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht náisiúnta Ballstáit ina ndéileáiltear le cúrsaí arna rialú le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh, go soláthraítear faisnéis rialála atá ionann, go hiomlán nó i bpáirt, leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil faoin reachtaíocht sin de chuid an Aontais.

(6) Ós rud é nach bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán seo ach éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar faisnéise, go sonrach, trí mhodh leictreonach, níor cheart don Rialachán difear a dhéanamh d'fhorálacha dhlí an Aontais ná an dlí náisiúnta lena gcinntear ábhar na faisnéise rialála, agus go sonrach, níor cheart aon cheanglas breise um fhaisnéis rialála a fhorchur leis. Cé go bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán seo go bhféadfar ceanglais um fhaisnéis rialála a chomhlíonadh trí mhodhanna leictreonacha seachas trí bhíthin doiciméid pháipéir, níor cheart don Rialachán difear a dhéanamh ar aon slí eile d'fhorálacha ábhartha an Aontais i ndáil leis na ceanglais a bhaineann leis na doiciméid is gá a úsáid chun an fhaisnéis i gceist a chur i láthair ar bhealach struchtúrtha. Ní cheart dó difear a dhéanamh ach oiread d'fhorálacha reachtaíocht an Aontais maidir le dramhaíl ina leagtar amach ceanglais nós imeachta do loingsithe. Lena chois sin, níor cheart go ndéanfaí dochar leis an Rialachán seo do na forálacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 nó i ngníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe a glacadh faoi théarmaí an Rialacháin sin.

(7) Ba cheart an úsáid a bhaintear as modhanna leictreonacha chun faisnéis a mhalartú i gcomhréir leis an Rialachán seo a eagrú ar bhealach lena n-áireofar slándáil faisnéise tráchtála íogaire agus lena n-urramófar rúndacht na faisnéise sin.

(8) Lena chur ar chumas oibreoirí faisnéis ábhartha a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach ar an dóigh chéanna i ngach Ballstát, is gá brath ar shonraíochtaí comhchoiteanna, a ghlacfaidh an Coimisiún. Leis na sonraíochtaí sin ba cheart idir-inoibritheacht sonraí a áirithiú le haghaidh na dtacar agus na bhfothacar éagsúil sonraí maidir leis an bhfaisnéis rialála ábhartha, agus ba cheart nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe a shocrú leo maidir le rochtain agus próiseáil na faisnéise sin ag na húdaráis inniúla.

(9) Agus na sonraíochtaí sin á sainiú, ba cheart aird chuí a thabhairt ar na sonraíochtaí ábhartha um malartú sonraí a leagtar síos i ndlí ábhartha an Aontais, agus sna caighdeáin ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le malartú sonraí ilmhódacha, chomh maith leis na prionsabail agus na moltaí a leagtar amach sa Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta[27], ina soláthraítear cur chuige maidir le seachadadh seirbhísí poiblí digitithe Eorpacha arna chomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit. Ba cheart cúram cuí a ghlacadh chomh maith go mbeidh na sonraíochtaí sin fós neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus oscailte do theicneolaíochtaí nuálacha.

[27] Creat Eorpach Idir-inoibritheachta – Straitéis um Chur chun Feidhme, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún (COM(2017) 134).

(10) Ba cheart a bhunú leis an Rialachán seo na ceanglais fheidhmiúla is infheidhme maidir le hardáin bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a bhféadfadh oibreoirí eacnamaíocha úsáid a bhaint astu chun an fhaisnéis rialála ar iompar lastais a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach (eFTI) do na húdaráis inniúla (ardáin eFTI). Ba cheart coinníollacha a bhunú chomh maith do sholáthraithe seirbhíse ardáin eFTI tríú páirtí (soláthraithe seirbhíse eFTI).

(11) Chun muinín údaráis na mBallstát agus na n-oibreoirí eacnamaíocha araon a fhorbairt maidir le comhlíonadh na gceanglas sin ag ardáin eFTI agus ag soláthraithe seirbhísí eFTI, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát córas deimhniúchán a chur i bhfeidhm a mbeadh taca curtha faoi ag creidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28].

(12) D'fhonn na coinníollacha aonfhoirmeacha sin a áirithiú i dtaca le cur chun feidhme na hoibleagáide glacadh le faisnéis rialála a chuirtear ar fáil i bhfoirm leictreonach de bhun an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29].

(13) Go sonrach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun tacar comhchoiteann sonraí agus fothacair chomhchoiteanna sonraí a bhunú i ndáil leis na ceanglais um fhaisnéis rialála faoi seach arna gcumhdach faoin Rialachán seo, chomh maith le nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe d'údaráis inniúla maidir le rochtain ar an bhfaisnéis agus próiseáil na faisnéise sin i gcás ina gcuireann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann an fhaisnéis sin ar fáil ar mhodh leictreonach, lena n-áirítear rialacha mionsonraithe agus sonraíochtaí teicniúla.

(14) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chomh maith chun rialacha mionsonraithe a bhunú le haghaidh chur chun feidhme na gceanglas maidir le hardáin eFTI agus soláthraithe seirbhíse eFTI.

(15) Chun cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

- chun cuid B d'Iarscríbhinn I a leasú, chun liostaí na gceanglas um fhaisnéis rialála i reachtaíocht na mBallstát dár thug na Ballstáit fógra don Choimisiún ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo a chur san áireamh;

- chun Cuid A d'Iarscríbhinn I a leasú chun gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún agus lena mbunaítear ceanglais úra Aontais um fhaisnéis rialála i dtaca le hiompar earraí a chur san áireamh;

- chun cuid B d'Iarscríbhinn I a leasú chun aon fhoráil reachtaíochta náisiúnta ábhartha a chur san áireamh lena dtugtar isteach athruithe ar na ceanglais náisiúnta um fhaisnéis rialála, nó lena leagtar síos ceanglais úra ábhartha um fhaisnéis rialála a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus dár thug na Ballstáit fógra don Choimisiún ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo;

---

28 Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, Lch. 30)

29 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, Lch. 13).

- chun gnéithe teicniúla áirithe den Rialachán seo a chomhlánú, is é sin maidir leis na rialacha i gcomhair deimhniúchán ardán eFTI agus soláthraithe seirbhíse eFTI.

(16) Tá sé an-tábhachtach go ndéanfadh an Coimisiún comhairliúcháin chuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar an leibhéal saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[30]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(17) Toisc nach bhféadfaidh na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, is é sin cur chuige aonfhoirmeach a áirithiú maidir le glacadh ag údaráis na mBallstát le faisnéis iompair lastais a chuirtear ar fáil ar mhodh leictreonach, ach seachas sin go bhféadfaí, trí fhoras an ghá atá le ceanglais chomhchoiteanna a bhunú, iad a bhaint amach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(18) Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta trí mhodh leictreonach, ar sonraí iad a éilítear mar chuid den fhaisnéis rialála ar iompar lastais, a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31].

(19) Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Ba cheart faisnéis a bhailiú chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht sin, agus chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na reachtaíochta i gcoinne na gcuspóirí atá á saothrú léi.

(20) Ní féidir an Rialachán a chur i bhfeidhm go héifeachtúil sula gcuirfear na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá bhforáiltear i bhfeidhm. Dá réir sin ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó [cuir isteach an dáta], chun am a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha sin a ghlacadh.

(21) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], agus thug sé tuairim uaidh an xx XXX 20xx[33],

---

30 IO L 123, 12.5.2016, Lch. 1

31 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, Lch. 1)

32 Rialachán (CE) Uimh.45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, Lch. 1).

33 IO C...

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar agus raon feidhme*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat dlíthiúil maidir le faisnéis rialála a bhaineann le hiompar earraí ar chríoch an Aontais a thabhairt ar mhodh leictreonach. Chun na críche sin, déantar é seo a leanas leis an Rialachán:

(a) leagtar síos leis na coinníollacha faoina gceanglaítear ar údaráis inniúla na mBallstát glacadh le faisnéis rialála nuair a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil ar mhodh leictreonach í;

(b) leagtar síos leis na rialacha le haghaidh soláthar seirbhísí a bhaineann le faisnéis rialála a chur ar fáil ar mhodh leictreonach ag na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar amach i ngníomhartha an Aontais lena leagtar síos na coinníollacha maidir le hiompar earraí ar chríoch an Aontais i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh, nó lena leagtar síos na coinníollacha maidir le loingsiú dramhaíola. Ó thaobh loingsiú dramhaíola de, níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le rialuithe ag oifigí custaim, dá bhforáiltear sna forálacha ábhartha de chuid an Aontais. Na gníomhartha de chuid an Aontais agus na ceanglais chomhfhreagracha um fhaisnéis rialála a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, liostaítear iad i gCuid A d'Iarscríbhinn I.

Tá feidhm ag an Rialachán chomh maith maidir le ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar amach i ndlí na mBallstát ina ndéileáiltear le cúrsaí arna rialú le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh agus lena gceanglaítear go soláthrófar faisnéis rialála atá ionann, go hiomlán nó i bpáirt, leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil de bhun na gceanglas um fhaisnéis rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Déantar an reachtaíocht nós imeachta agus na ceanglais chomhfhreagracha um fhaisnéis rialála dá dtagraítear sa dara fomhír a liostú i gCuid B d'Iarscríbhinn I, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2(b).

3. Faoin (OP cuir isteach bliain amháin ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi fhorálacha na reachtaíochta náisiúnta agus na gceanglas comhfhreagrach um fhaisnéis rialála dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 2, a chuimseofar i gCuid B d'Iarscríbhinn I. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún chomh maith faoi aon fhoráil úr reachtaíochta náisiúnta arna glacadh ina dhiaidh sin, a chumhdaítear faoin dara fomhír de mhír 2, agus lena dtugtar isteach athruithe ar na ceanglais um fhaisnéis rialála sin nó lena leagtar síos ceanglais úra ábhartha um fhaisnéis rialála, laistigh de mhí amháin ó ghlacadh forála dá leithéid.

*Airteagal 2*
*Oiriúnú Iarscríbhinn I*

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13, maidir le leasú ar Iarscríbhinn I chun:

(a) tagairt do ghníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme ar bith a chuimsiú arna nglacadh ag an gCoimisiún, lena mbunaítear ceanglais úra um fhaisnéis rialála i ndáil leis na gníomhartha dlí de chuid an Aontais lena rialaítear iompar earraí i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh;

(b) tagairtí a chuimsiú do reachtaíocht náisiúnta agus do cheanglais um fhaisnéis rialála faoina dtugann na Ballstáit fógra i gcomhréir le hAirteagal 1(3).

*Airteagal 3*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'faisnéis rialála' faisnéis, bíodh sí curtha i láthair mar dhoiciméad nó ná bíodh, a bhaineann le hiompar lastais ar chríoch an Aontais, lena n-áirítear trí bhíthin idirthurais, nach mór d'oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann a chur ar fáil i gcomhréir leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) chun comhlíonadh cheanglais ábhartha na ngníomhartha lena mbaineann a chruthú;

(2) ciallaíonn 'ceanglas um fhaisnéis rialála' ceanglas faisnéis rialála a chur ar fáil;

(3) ciallaíonn ' faisnéis leictreonach ar iompar lastais' (eFTI) tacar gnéithe sonraí ar bith a phróiseáiltear ar thacaíocht leictreonach chun faisnéis rialála a mhalartú idir na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann agus na húdaráis inniúla phoiblí;

(4) ciallaíonn 'próiseáil' aon oibríocht nó sraith oibríochtaí ar a fheidhmítear ar eFTI, trí mhodhanna uathoibrithe nó modhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó mionathrú, aisghabháil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó iad a chur ar fáil ar shlí eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, glanadh nó scriosadh;

(5) ciallaíonn 'ardán eFTI ' réiteach ar bith bunaithe ar an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), amhail córas oibriúcháin, timpeallacht oibriúcháin, nó bunachar sonraí, a bhfuil sé ceaptha a úsáid chun eFTI a phróiseáil;

(6) ciallaíonn 'forbróir ardán eFTI' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil ardán eFTI forbartha nó faighte acu chun faisnéis rialála a bhaineann lena ghníomhaíocht eacnamaíoch féin a phróiseáil, nó chun an t-ardán sin a chur ar an margadh;

(7) ciallaíonn 'seirbhís eFTI' seirbhís a dhéanann próiseáil eFTI trí ardán eFTI, as féin nó i gcomhcheangal le réitigh TFC eile, lena n-áirítear ardáin eFTI eile;

(8) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse eFTI' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís eFTI do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar bhonn conartha;

(9) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann' aon oibreoir iompair nó lóistíochta, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach, atá freagrach as faisnéis rialála a chur ar fáil do na húdaráis inniúla lena mbaineann i gcomhréir leis an gceanglas ábhartha um fhaisnéis rialála;

(10) ciallaíonn 'formáid atá inléite ag an duine' bealach chun na sonraí a léiriú i bhfoirm leictreonach is féidir le duine nádúrtha a úsáid mar fhaisnéis gan tuilleadh próiseála a bheith de dhíth;

(11) ciallaíonn 'formáid meaisín-inléite' bealach chun na sonraí a léiriú i bhfoirm leictreonach is féidir le duine nádúrtha a úsáid le haghaidh uathphróiseáil le meaisín;

(12) ciallaíonn 'comhlacht um measúnú comhréireachta' comhlacht um measúnú comhréireacht laistigh de bhrí phointe 13 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, atá creidiúnaithe i gcomhréir leis an Rialachán sin chun measúnú comhréireachta a dhéanamh ar ardán eFTI nó ar sholáthraí seirbhíse eFTI.

# CAIBIDIL II

## FAISNÉIS RIALÁLA A CHUIRTEAR AR FÁIL AR MHODH LEICTREONACH

*Airteagal 4*
*Ceanglais maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann*

1. I gcás ina gcuireann oibreoirí eacnamaíocha faisnéis rialála ar fáil ar mhodh leictreonach, déanfaidh siad amhlaidh ar bhonn sonraí arna bpróiseáil in ardán eFTI deimhnithe agus, más infheidhme, déanfaidh soláthraí seirbhíse eFTI é. Cuirfear an fhaisnéis rialála ar fáil i bhformáid meaisín-inléite agus, ar iarratas ón údarás inniúla, i bhformáid atá inléite ag an duine.

   Cuirfear faisnéis san fhormáid meaisín-inléite ar fáil trí nasc fíordheimhnithe agus slán le foinse sonraí ardáin eFTI. Cuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann an seoladh idirlín in iúl trínar féidir an fhaisnéis a rochtain, mar aon le haon ghnéithe eile is gá ionas go mbeidh an t-údarás inniúil ábalta an fhaisnéis rialála a shainaithint go huathúil.

   Cuirfear faisnéis i bhformáid atá inléite ag an duine ar fáil láithreach lom, ar scáileán na ngléasanna leictreonacha ar leis an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann nó leis na húdaráis inniúla iad.

2. Déanfaidh na Ballstáit bearta le go mbeidh na húdaráis inniúla ábalta faisnéis rialála a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil i bhformáid meaisín-inléite a phróiseáil de bhun an dara fomhír de mhír 1, i gcomhréir leis na forálacha arna mbunú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 7.

*Airteagal 5*
*Glacadh ag na húdaráis inniúla*

Glacfaidh údaráis inniúla na mBallstát le faisnéis rialála a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil ar mhodh leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 4.

*Airteagal 6*
*Faisnéis tráchtála faoi rún*

Déanfaidh na húdaráis inniúla, soláthraithe seirbhísí eFTI agus na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann bearta chun rúndacht na faisnéise tráchtála a phróiseáiltear agus a mhalartaítear a áirithiú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

*Airteagal 7*
*Tacar comhchoiteann sonraí eFTI, nósanna imeachta agus rialacha maidir le rochtain*

Bunóidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) tacar comhchoiteann sonraí eFTI agus fothacair chomhchoiteanna sonraí eFTI i ndáil leis na ceanglais um fhaisnéis rialála faoi seach, lena n-áirítear sainmhínithe comhfhreagracha le haghaidh gach gné sonraí sa tacar comhchoiteanna sonraí agus sna fothacair choiteanna sonraí;

(b) nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe, lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna, maidir le rochtain na n-údarás inniúil ar ardáin eFTI, lena n-áirítear nósanna imeachta chun an fhaisnéis rialála a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil a phróiseáil.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2).

# CAIBIDIL III

# ARDÁIN AGUS SEIRBHÍSÍ EFTI

## ROINN 1
## CEANGLAIS MAIDIR LE HARDÁIN AGUS SEIRBHÍSÍ EFTI

*Airteagal 8*
*Ceanglais fheidhmiúla maidir le hardáin eFTI*

1. Leis na hardáin eFTI a úsáidtear chun faisnéis rialála a phróiseáil soláthrófar feidhmiúlachtaí lena n-áirithítear an méid seo a leanas:

(a) gur féidir sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679;

(b) gur féidir sonraí tráchtála a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 6;

(c) gur féidir nasc leictreonach uathúil sainaitheanta a bhunú idir na sonraí a phróiseáiltear agus loingsiú fisiceach sraith shocraithe earraí lena mbaineann na sonraí sin, óna thionscnamh go dtí an ceann scríbe, faoi théarmaí conartha aonair iompair, beag beann ar chainníocht ná ar líon na gcoimeádán, na bpacáistí, nó na bpíosaí;

(d) nach féidir sonraí a phróiseáil ach ar bhonn rochtain údaraithe agus fhíordheimhnithe amháin;

(e) go dtaifeadtar gach oibríocht phróiseála go cuí chun go mbeifear ábalta, ar a laghad, gach oibríocht ar leith, an duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne an oibríocht agus seicheamhú na n-oibríochtaí ar gach gné sonraí aonair a shainaithint; má bhaineann oibríocht leis an ngné sonraí atá ann a mhionathrú nó a ghlanadh, coimeádfar an bhunghné sonraí;

(f) gur féidir sonraí a chur i gcartlann agus iad a bheith fós ar fáil le haghaidh tréimhse chuí ama, i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha um fhaisnéis rialála;

(g) go bhfuil sonraí cosanta ar éillitheacht agus ar ghadaíocht;

(h) go dtagann na gnéithe sonraí a phróiseáiltear leis an tacar comhchoiteann sonraí eFTI agus na fothacair chomhchoiteanna sonraí eFTI, agus gur féidir iad a phróiseáil i gceann ar bith de theangacha oifigiúla an Aontais.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe maidir leis na ceanglais a leagtar síos i mír 1: Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2).

*Airteagal 9*
*Ceanglais maidir le soláthraithe seirbhíse eFTI*

1. Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse eFTI an méid seo a leanas:

(a) nach ndéanann ach úsáideoirí údaraithe próiseáil ar na sonraí agus go ndéanann siad amhlaidh de réir ról úsáideora agus cearta próiseála a bheidh sainithe go soiléir laistigh den ardán eFTI, i gcomhréir leis na gceanglais ábhartha um fhaisnéis rialála;

(b) go ndéantar sonraí a stóráil agus go mbíonn rochtain orthu le haghaidh tréimhse chuí ama, i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha um fhaisnéis rialála;

(c) go bhfuil rochtain láithreach ag na húdaráis ar fhaisnéis rialála a bhaineann le hoibríocht iompair lastais arna próiseáil trína n-ardáin eFTI, i gcás ina dtugann an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann an rochtain sin do na húdaráis;

(d) go bhfuil sonraí slánaithe go hiomchuí, lena n-áirítear i gcoinne próiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus i gcoinne caillteanais de thimpiste, i gcoinne scriosta nó i gcoinne damáiste.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe maidir leis na ceanglais a leagtar síos i mír 1: Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2).

## ROINN 3
## DEIMHNIÚ

*Airteagal 10*
*Comhlachtaí um measúnú comhréireachta*

1. Beidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta creidiúnaithe de réir Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 chun deimhniúchán na n-ardán eFTI agus na soláthraithe seirbhíse eFTI a fheidhmiú faoi mar a leagtar amach in Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Rialachán seo.

2. Chun críche creidiúnaithe, comhlíonfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II.

3. Coinneoidh na Ballstáit liosta nuashonraithe de na comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe, agus de na hardáin eFTI agus na soláthraithe

seirbhíse eFTI atá deimhnithe ag na comhlachtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 11 agus Airteagal 12. Cuirfidh siad an liosta sin ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin oifigiúil de chuid an rialtais. Déanfar an liosta a nuashonrú ar bhonn rialta, agus tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain.

4. Faoin 31 Márta gach bliain, cuirfidh na Ballstáit na liostaí dá dtagraítear i mír 3 isteach chuig an gCoimisiún, mar aon le seoladh an láithreáin gréasáin ar ar foilsíodh na liostaí sin. Foilseoidh an Coimisiún nasc chuig seoltaí na láithreán gréasáin sin ar a leathanach gréasáin oifigiúil.

*Airteagal 11*
*Deimhniúchán ardán eFTI*

1. Ar iarratas ó fhorbróir ardáin eFTI déanfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta measúnú ar chomhlíontacht an ardáin eFTI leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8(1). Má bhíonn an measúnú dearfach, eiseofar deimhniú um chomhlíonadh. Má bhíonn an measúnú diúltach, cuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta an fáth nach gcomhlíonann an t-ardán na ceanglais sin in iúl don iarratasóir.

2. Coinneoidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta liosta cothrom le dáta de na hardáin eFTI deimhnithe agus dóibh siúd a fuair measúnú diúltach. Déanfar an liosta nuashonraithe a tharchur chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann gach uair a eisítear deimhniú nó measúnú diúltach.

3. Beidh marc deimhniúcháin ag gabháil le faisnéis a chuirtear ar fáil do na húdaráis inniúla trí ardán eFTI deimhnithe.

4. Déanfaidh forbróir an ardáin eFTI iarratas ar athmheasúnú ar a dheimhniúchán má athbhreithnítear na sonraíochtaí teicniúla arna nglacadh sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 7(2).

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le deimhniúchán, maidir le húsáid an mhairc deimhniúcháin agus athnuachan dheimhniúchán na n-ardán eFTI.

*Airteagal 12*
*Deimhniúchán soláthraithe seirbhíse eFTI*

1. Ar iarratas ó sholáthraí seirbhíse eFTI déanfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta measúnú ar chomhlíontacht an tsoláthraí seirbhíse eFTI leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 9(1). Má bhíonn an measúnú dearfach, eiseofar deimhniú um chomhlíonadh. Má bhíonn an measúnú diúltach, cuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta an fáth nach gcomhlíonann an soláthraí na ceanglais sin in iúl don iarratasóir.

2. Coinneoidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta liosta cothrom le dáta de na soláthraithe seirbhíse eFTI deimhnithe agus dóibh siúd a fuair measúnú diúltach. Cuirfear an liosta nuashonraithe ar fáil do na húdaráis inniúla lena mbaineann gach uair a eisítear deimhniú nó measúnú diúltach.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le deimhniúchán soláthraithe seirbhíse eFTI.

## CAIBIDIL IV

## TARMLIGIN CUMHACHTA AGUS FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 13*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2, in Airteagal 11(5) agus in Airteagal 12(3) ar feadh tréimhse neamhchinntithe ama ó [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an chumhacht dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 11(5) agus Airteagal 12(3) a chúlghairm ag tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2, Airteagal 10(5) agus Airteagal 11(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 14*
*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

## CAIBIDIL V

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 15*
*Athbhreithniú*

1. Faoi [cúig bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tíolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa:

2. Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun an Tuarascáil sin a ullmhú don Choimisiún.

*Airteagal 16*
*Monatóireacht*

Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún gach dhá bhliain agus den chéad uair faoin [dhá bhliain ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí:

1. líon na n-údarás inniúil a chuir bearta chun feidhme chun faisnéis a chuir oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil i gcomhréir le Airteagal 4(2) a rochtain agus a phróiseáil;

2. líon na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a chuir faisnéis rialála ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstáit i gcomhréir le hAirteagal 4(1), arna mhiondealú de réir an mhodha iompair.

Soláthrófar an fhaisnéis sin do gach bliain atá cumhdaithe faoin tréimhse tuairiscithe.

*Airteagal 17*
*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh sé i bhfeidhm ón [OP cuir isteach ceithre bliana ón teacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |